2026/2209

2.10.2026

CINNEADH (AE) 2026/2209 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2008/312/Euratom ón gCoimisiún lenar bunaíodh an doiciméad caighdeánach le haghaidh maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta dá dtagraítear i dTreoir 2006/117/Euratom ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Threoir 2006/117/Euratom ón gComhairle an 20 Samhain 2006 maidir le maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta ([1]), agus go háirithe Airteagal 17(2), an dara fomhír di,

Tar éis dul dó i gcomhairle leis an gcoiste comhairleach arna bhunú de bhun Airteagal 21 de Threoir 2006/117/Euratom,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2008/312/Euratom ón gCoimisiún ([2]), bunaíodh an doiciméad caighdeánach le haghaidh maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta faoi raon feidhme Threoir 2006/117/Euratom.

(2) I gcomhthéacs an tuairiscithe ar chur chun feidhme Threoir 2006/117/Euratom, moladh uimhir clárúcháin údaraithe na loingsithe tosaigh a áireamh sa doiciméad caighdeánach in iarratais ar údarú loingsithe a chuirtear ar ais.

(3) Dá gcuimseofaí uimhir clárúcháin údaraithe, chuirfí feabhas ar inrianaitheacht agus fíorú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta trína chur ar a gcumas do na húdaráis inniúla gach loingsiú dramhaíola a chomhcheangal den údarú a eisíodh ar dtús, rud a threiseodh slándáil dhlíthiúil agus oibríochtúil na ngluaiseachtaí sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart an doiciméad caighdeánach a thabhairt cothrom le dáta.

(5) Ba cheart Cinneadh 2008/312/Euratom a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2008/312/Euratom, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Ranna A-1 agus B-1 den doiciméad caighdeánach:

'Uimhir chlárúcháin: _____

(le comhlánú ag an údarás inniúil)

atá freagrach as an údarú loingsithe a eisiúint)

([1]) IO L 337, 5.12.2006, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/117/oj.

([2]) Ceartúchán ar Chinneadh 2008/312/Euratom ón gCoimisiún an 5 Márta 2008 lenar bunaíodh an doiciméad caighdeánach le haghaidh maoirseacht agus rialú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí agus breosla spíonta dá dtagraítear i dTreoir 2006/117/Euratom ón gComhairle, (IO L 107, 17.4.2008, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/312/oj).

ROINN A-1

Iarratas ar údarú loingsithe dramhaíola radaighníomhaí

1.	An cineál loingsithe (cuir tic sa bhosca iomchuí): ☐ cineál MM: loingsiú idir na Ballstáit (trí Bhallstát amháin nó níos mó nó trí thríú tír amháin nó níos mó) ☐ cineál IM: allmhairiú isteach sa Chomhphobal ☐ cineál ME: onnmhairiú amach as an gComhphobal ☐ cineál TT: idirthuras tríd an gComhphobal
2.	Iarratas ar údarú le haghaidh (cuir tic sa bhosca iomchuí): ☐ loingsiú aonair _____ Tréimhse forghníomhaithe atá beartaithe: _____ ☐ níos mó ná loingsiú amháin: líon (beartaithe) _____ Tréimhse forghníomhaithe atá beartaithe: _____
3.	☐ Neamhbhainteach. ☐ Loingsithe de chineál MM trí thríú tír amháin nó níos mó: Post teorann imeachta ón gComhphobal (*): _____ Post teorann iontrála chuig tríú tír (*) (an chéad tír a thrasnaítear): _____ Post teorann imeachta chuig tríú tír (*) (an tír dheiridh a thrasnaítear): _____ Post teorann ag a bhfillfear ar an gComhphobal (*): _____ (*) Ní mór na poist teorann sin a bheith comhionann le haghaidh na loingsithe uile a chumhdaítear leis an iarratas mura gcomhaontóidh na húdaráis inniúla a mhalairt.
4.	Iarratasóir (trádainm): _____ ☐ Sealbhóir (le haghaidh chineálacha MM, ME) ☐ Coinsíní (le haghaidh chineál IM) ☐ Eile (le haghaidh chineál TT), atá le sonrú _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____ Baile: _____Tír: _____ Teil._____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
5.	Suíomh na dramhaíola radaighníomhaí roimh loingsiú (trádainm): _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____ Baile: _____Tír: _____ Teil._____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
6.	Coinsíní (trádainm): _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____ Baile: _____Tír: _____ Teil._____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____

7.	Suíomh na dramhaíola radaighníomhaí tar éis loingsiú (trádainm): Seoladh: _____ Cód poist: _____ Baile: _____Tír: _____ Teil._____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
8.	Cineál na dramhaíola radaighníomhaí: _____ Saintréithe fisiciceimiceacha (cuir tic de réir mar is iomchuí): ☐ soladach, ☐ leachtach, ☐ gásach, ☐ eile (e.g. inscoilte, ineasraithe go híseal,...), le sonrú _____ Príomh-radanúiclídí: _____ Uasghníomhaíocht alfa: in aghaidh an loingsithe (GBq) _____ in aghaidh an phacáiste (GBq) _____ Uasghníomhaíocht bhéite/gháma: in aghaidh an loingsithe (Gbq) _____ in aghaidh an phacáiste (GBq) _____ Gníomhaíocht iomlán alfa (GBq): _____ Gníomhaíocht iomlán bhéite/gháma (GBq): _____ (Meastacháin is ea na luachanna seo má bhaineann an t-iarratas le níos mó ná loingsiú amháin)
9.	An líon iomlán pacáistí: _____ Glanmhais iomlán an loingsithe (kg): _____ Ollmhais iomlán an loingsithe (kg): _____ (Meastacháin is ea na luachanna seo má bhaineann an t-iarratas le níos mó ná loingsiú amháin) Tuairisc ar an gcoinsíneacht: ☐ Málaí plaisteacha, ☐ drumaí miotail (m^3): ☐ Coimeádán iompair ISO (m^3):, ☐ eile, le sonrú _____ An cineál pacáistithe) ([1]) (más eol): _____ Modh sainaitheantais na bpacáistí (má úsáidtear lipéadú, samplaí iarscríbhinne):_____ ([1]) De réir na Rialachán maidir le hIompar Sábháilte Ábhar Radaighníomhach, Eagrán 2018, Ceanglais Sábháilteachta Shonracha Uimh. SSR-6 (Athbhreithniú 1, IAEA, Vín, 2018).
10.	An cineál gníomhaíochta as a n-eascraíonn an dramhaíl radaighníomhach (cuir tic de réir mar is iomchuí): ☐ leigheas, ☐ taighde, ☐ tionscal (neamhnúicléach), ☐ tionscal núicléach, ☐ gníomhaíocht eile (le sonrú): _____
11.	Cuspóir an loingsithe: ☐ dramhaíl radaighníomhach a chur ar ais tar éis breosla spíonta a chóireáil/a athchóireáil nó a athphróiseáil uimhir clárúcháin údaraithe na loingsithe tosaigh: _____ ☐ dramhaíl radaighníomhach a chur ar ais tar éis dramhaíl radaighníomhach a chóireáil uimhir clárúcháin údaraithe na loingsithe tosaigh: _____ ☐ cóireáil, e.g. pacáistiú/athphacáistiú, riochtú, laghdú toirte ☐ stóras eatramhach ☐ cur ar ais tar éis stóras eatramhach uimhir clárúcháin údaraithe na loingsithe tosaigh: _____ ☐ diúscairt deiridh ☐ cuspóir eile (le sonrú): _____

<table>
<tr><td rowspan="9">12.</td><td>Modh iompair molta
(bóthar, iarnród, muir, aer, uiscebhealach intíre)</td><td>Pointe imeachta</td><td>Pointe teachta</td><td>Iompróir molta (más eol)</td></tr>
<tr><td>1.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>2.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>3.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>4.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>5.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>6.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>7.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>8.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="3">13.</td><td colspan="4">Liosta seicheamhach de na tíortha atá bainteach leis an loingsiú (is í an tír ina gcoinnítear an dramhaíl radaighníomhach an chéad tír agus is í an tír cinn scríbe an tír dheireanach)</td></tr>
<tr><td>1.</td><td>3.</td><td>5.</td><td>7.</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>4.</td><td>6.</td><td>8.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">14.</td><td colspan="4">I gcomhréir le forálacha Threoir 2006/117/Euratom, déanaimse, an t-iarratasóir, leis seo:
1. iarratas ar údarú chun na loingsithe dramhaíola radaighníomhaí a dtugtar tuairisc orthu thuas a dhéanamh;
agus
2. a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil thuas ceart chomh fada agus is eol dom agus go ndéanfar na loingsithe i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha uile;
agus
3. (*) (I gcás inar loingsiú de chineál MM nó ME é) gealltanas a thabhairt an dramhaíl radaighníomhach a ghlacadh ar ais mura féidir na loingsithe a dhéanamh nó mura féidir na coinníollacha maidir le loingsiú a chomhlíonadh;
nó
(*) (I gcás inar loingsiú de chineál IM nó TT é), a chur i gceangal de seo fianaise ar an socrú idir an coinsíní agus sealbhóir na dramhaíola radaighníomhaí atá bunaithe sa tríú tír, ar ghlac údarás inniúil an tríú tír leis, ina luaitear go nglacfaidh an sealbhóir sa tríú tír an dramhaíl radaighníomhach ar ais mura féidir na loingsithe a dhéanamh nó mura féidir na coinníollacha maidir le loingsiú a chomhlíonadh, mura féidir socrú sábháilte eile a dhéanamh.</td></tr>
<tr><td colspan="4">(Dáta agus áit) _____ (Stampa) _____ (Síniú)
(*) Níl feidhm ach ag ceann amháin de na ráitis lena bhfuil réiltín: scrios de réir mar is infheidhme.</td></tr>
</table>

Uimh. Chlárúcháin: _____

(le comhlánú ag an údarás inniúil)

atá freagrach as an údarú loingsithe a eisiúint)

ROINN B-1

Iarratas ar údarú loingsithe breosla spíonta

1.	An cineál loingsithe (cuir tic sa bhosca iomchuí): ☐ cineál MM: loingsiú idir na Ballstáit (trí Bhallstát amháin nó níos mó nó trí thríú tír amháin nó níos mó) ☐ cineál IM: allmhairiú isteach sa Chomhphobal ☐ cineál ME: onnmhairiú amach as an gComhphobal ☐ cineál TT: idirthuras tríd an gComhphobal
2.	Iarratas ar údarú le haghaidh (cuir tic sa bhosca iomchuí): ☐ loingsiú aonair _____Tréimhse forghníomhaithe atá beartaithe: _____ ☐ níos mó ná loingsiú amháin: líon (beartaithe) _____Tréimhse forghníomhaithe atá beartaithe: _____
3.	☐ Neamhbhainteach. ☐ Loingsithe de chineál MM trí thríú tír amháin nó níos mó: Post teorann imeachta ón gComhphobal (*): _____ Post teorann iontrála chuig tríú tír (*) (an chéad tír a thrasnaítear): _____ Post teorann imeachta chuig tríú tír (*) (an tír dheiridh a thrasnaítear): _____ Post teorann ag a bhfillfear ar an gComhphobal (*): _____ (*) Ní mór na poist teorann sin a bheith comhionann le haghaidh na loingsithe uile a chumhdaítear leis an iarratas mura gcomhaontóidh na húdaráis inniúla a mhalairt.
4.	Iarratasóir (trádainm):_____ ☐ Sealbhóir (le haghaidh chineálacha MM, ME), ☐ Coinsíní (le haghaidh chineál IM), ☐ Eile (le haghaidh chineál TT), atá le sonrú _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____Baile: _____Tír: _____ Teil._____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
5.	Suíomh an bhreosla spíonta roimh loingsiú (trádainm): _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____Baile: _____Tír: _____ Teil. _____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
6.	Coinsíní (trádainm): _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____Baile: _____Tír: _____ Teil. _____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____

7.	Suíomh an bhreosla spíonta tar éis loingsiú (trádainm): _____ Seoladh: _____ Cód poist: _____Baile: _____Tír: _____ Teil. _____ Facs _____ Ríomhphost: _____ Duine teagmhála: An tUasal/an Bhean Uasal _____
8.	An cineál breosla spíonta: ☐ miotal úráiniam, ☐ dé-ocsaíd úráiniam, ☐ ocsaíd mheasctha, ☐ eile, sonraigh _____
	Bunábhar inscoilte: ☐ úráiniam-235 _____ (saibhriú uasta _____%) ☐ ocsaíd mheasctha _____(saibhriú úráiniam ainmniúil _____%) _____ (uasmhéid plútóiniam_____%) ☐ ☐ eile, sonraigh _____
	Dó-ídiú breosla (meánraon nó raon tipiciúil): _____ laethanta MW/teHM
9.	An líon iomlán pacáistí (e.g. fleascáin, ...): _____ An líon iomlán cóimeálacha/beart/eilimintí/slat (sonraigh): _____ Glanmhais iomlán (kg): _____ Ollmhais iomlán (kg): _____ (Is meastacháin iad na luachanna seo má bhaineann an t-iarratas le níos mó ná loingsiú amháin) Tuairisc ar an gcoinsíneacht (e.g. fleascáin): An cineál pacáiste ([1]) (más eol): _____ An t-uasmhéid breosla spíonta in aghaidh an phacáiste (kg): _____Modh sainaitheantais na bpacáistí (má úsáidtear lipéadú, samplaí iarscríbhinne): _____ ([1]) De réir na Rialachán maidir le hIompar Sábháilte Ábhair Radaighníomhaigh, Eagrán 2005, Ceanglais Sábháilteachta TS-R-1, IAEA, Vín, 2005.
10.	An cineál gníomhaíochta as a n-eascraíonn an breosla spíonta (cuir tic de réir mar is iomchuí): ☐ taighde, ☐ cumhacht núicléach tráchtála, ☐ gníomhaíocht eile (le sonrú): _____
11.	Cuspóir an loingsithe breosla spíonta: ☐ cóireáil/athchóireáil nó athphróiseáil ☐ stóras eatramhach ☐ cur ar ais tar éis stóras eatramhach Uimhir clárúcháin údaraithe na loingsithe tosaigh: _____ ☐ diúscairt deiridh ☐ cuspóir eile (le sonrú): _____

<table>
<tr><td rowspan="9">12.</td><td>Modh iompair molta
(bóthar, iarnród, muir, aer, uiscebhealach intíre)</td><td>Pointe imeachta</td><td>Pointe teachta</td><td>Iompróir molta (más eol)</td></tr>
<tr><td>1.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>2.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>3.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>4.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>5.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>6.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>7.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>8.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td rowspan="3">13.</td><td colspan="4">Liosta seicheamhach de na tíortha atá bainteach leis an loingsiú breosla spíonta (is í an tír ina gcoinnítear an breosla spíonta an chéad tír agus is í an tír cinn scríbe an tír dheireanach)</td></tr>
<tr><td>1.</td><td>3.</td><td>5.</td><td>7.</td></tr>
<tr><td>2.</td><td>4.</td><td>6.</td><td>8.</td></tr>
<tr><td rowspan="2">14.</td><td colspan="4">I gcomhréir le forálacha Threoir 2006/117/Euratom, déanaimse, an t-iarratasóir, leis seo:
1. iarratas ar údarú chun na loingsithe breosla spíonta a dtugtar tuairisc orthu thuas a dhéanamh;
agus
2. a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil thuas ceart chomh fada agus is eol dom agus go ndéanfar na loingsithe i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha uile;
agus
3. (*) (I gcás inar loingsiú de chineál MM nó ME é) gealltanas a thabhairt an breosla spíonta a ghlacadh ar ais mura féidir na loingsithe a dhéanamh nó mura féidir na coinníollacha maidir le loingsiú a chomhlíonadh;
nó
(*) (I gcás inar loingsiú de chineál IM nó TT é), a chur i gceangal de seo fianaise ar an socrú idir an coinsíní agus sealbhóir an bhreosla spíonta atá bunaithe sa tríú tír, ar ghlac údarás inniúil an tríú tír leis, ina luaitear go nglacfaidh an sealbhóir sa tríú tír an breosla spíonta ar ais mura féidir na loingsithe a dhéanamh nó mura féidir na coinníollacha maidir le loingsiú a chomhlíonadh.</td></tr>
<tr><td colspan="4">(Dáta agus áit)(Stampa)(Síniú)
(*) Níl feidhm ach ag ceann amháin de na ráitis lena bhfuil réiltín: scrios de réir mar is infheidhme.’</td></tr>
</table>

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN